# TREOIR CÉIM AR CHÉIM CHUN EAGRAÍOCHT FRITHCHINÍOCH A DHÉANAMH AS D'EAGRAÍOCHT



FINGAL INTEGRATION

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Chomhairle um Inimircigh in Éirinn

## CAD IS CINÍOCHAS ANN?

Tarlaíonn ciníochas nuair a bhaineann duine aonair, grúpa nó institiúid, mí-úsáid as a gcumhachtaí, pé acu i ngan fhios dóibh nó d'aon ghnó, ar bhealach atá díobhálach do dhaoine mar gheall ar chúlra ciníoch na ndaoine sin.

Tá an ciníochas le feiceáil in Éirinn ar mhórán shlite. Tá tionchar ag an gciníochas domhanda ar chuid den chiníochas anseo agus tá comhthéacs faoi leith ag baint leis an tír seo maidir le ciníochas eile. Tá seacht ghné den chíníochas le feiceáil in Éirinn – ciníochas in aghaidh daoine gorma, ciníochas in aghaidh na Romach, frith-Sheimíteachas, frith-Taistealaithe, Ioslamafóibe, Seineafóibe agus ciníochas inscne. Sa cheann deireanach seo tá nasc idir an ciníochas agus an gnéasachas. Is ó Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais – Freagairt ar an gCiníochas a thagann an liosta thuas.

D'fhéadfadh sé a bheith ag baint le daoine aonair nó d'fhéadfadh struchtúir agus institidiúidí a bheith i gceist. Seans go bhfuil sé stairiúil, agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar shláinte agus ar fholláine iad siúd atá thíos leis.

Is iomaí cineál ciníochais atá ann san áit oibre. D'fhéadfadh teanga chiníoch a bheith i gceist nó polasaí nó cleachtaí leithchealacha.

## RÉASÚNAÍOCHT

### COMHTHÉACSD:

Tá dhá phíosa reachtaíochta tábhachtacha ann maidir le ciníochas agus leithcheal agus ní mór d'fhostóirí iad a chomhlíonadh san áit oibre: an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus an tAcht um Stádas Comhionann 2000. Cuireann an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 cosc ar leithcheal faoi leith san fhostaíocht phríobháideach agus san earnáil phoiblí. Cuireann an tAcht um Stádas Comhionann 2000 cosc ar chiníochas agus ar leithcheal taobh amuigh den áit oibre agus san fhearann phoiblí maidir le hearraí agus seirbhísí a sholáthar. Ceanglaítear an fhostóirí an dá acht a chomhlíonadh. Tugann siad cosaint i gcoinne idirdhealúcháin ar naoi bhforas: inscne, aois, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, reiligiún, míchumas, claonadh gnéasach nó ballraíocht den Lucht Siúil.

### DUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍ MAIDIR LE CEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS

Ceanglaíonn Dualgas na nEarnála Poiblí maidir le Cearta An Duine agus Comhionannas ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna fostaithe agus úsáideoirí seirbhísí a chosaint. Éilíonn sé ar chomhlachtaí poiblí gníomhú go réamhghníomhach. Is féidir leat tuilleadh a fhoghlaim faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí anseo: https://www.ihrec.ie/our-work/public-sector-duty/

### MÉADÚ AR AN gCINÍOCHAS:

Tá méadú tagtha ar an gciníochas in Éirinn, ar an droch-uair , (Tuarascáil INAR, 2022), ach ní rud nua é seo. Tá sé tábhachtach go dtuigfear an chineál ciníochais atá ann in Éirinn. Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gciníochas in Éirinn, féach Tuiscint a fháil ar an gCiníochas: Sainmhíniú ar an gCiníochas sa chomhthéacs Éireannach atá foilsithe ag Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais-Freagairt ar an gCiníochas, atá le fáil anseo: https://inar.ie/understanding-racism-in-ireland/

### ÉAGSÚLÚ AR DHAONRA NA hÉIREANN

Le blianta beaga anuas, is áit í Éire ina bhfuil níos mó agus níos mó éagsúlacht chultúrtha le feiceáil. Leis an éagsúlacht chultúrtha aithnítear go bhfuil an tsochaí déanta suas as mórán grúpaí éagsúla a bhfuil scileanna, buanna agus riachtanais difriúla acu. Ciallaíonn sé freisin go nglacann tú leis go bhféadfadh creideamh agus gnéaschlaonadh difriúil a bheith ag daoine.

### CAD ATÁ i gCEIST le hÉAGSÚLACHT CHULTÚRTHA san ÁIT OIBRE?

San áit oibre, is éard atá i gceist leis an éagsúlacht chultúrtha ná lucht saothair a chuimsíonn fostaithe ó chultúir éagsúla agus a léiríonn meas orthu. Ciallaíonn éagsúlacht, daoine ó "chiníocha" éagsúla, a bhfuil eitneacht difriúil acu nó féiniúlacht inscne nó claonadh gnéis. Ach tá brí níos doimhne ag gabháil leis chomh maith. Beag bean ar an eitneacht, ní mór meas a léiriú ar indibhidiúlacht gach duine.

Ní féidir na buntáistí a thagann ón éagsúlacht chultúrtha a fhíorú mura dtarlaíonn imeascadh san áit oibre agus mura ndéantar gnó ar bhealach a léiríonn meas ar gach cultúr san áit oibre agus a ligeann dóibh cur le rath an ghnólachta i gcomhthéacs ionchuimsithe agus comhionnanais agus ina bhfuil cosc ar leithcheal.

San áit oibre imeasctha, ní ghlactar le leithlcheal ná le ciapadh. Aithnítear go bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus teanga ann i measc fostaithe agus custaiméirí. Déantar nósanna imeachta a choigeartú chun go mbeidh éagsúlacht ann i measc na n-oibrithe imirceacha go léir agus na bhfostaithe gorma agus ó mhionlaigh eitneacha. Áirítear leis seo daoine atá faoi mhíchumas. Tógtar céimeanna praiticiúla chun go mbainfear amach comhionannas iomlán go réalaíoch do gach oibrí imirceach, agus do gach fostaí ó mhionlach eitneach. Déantar cumarsáid maidir le comhionannas a chur chun cinn laistigh den phobal i gcoitinne ar a fhreastalaíonn an gnó.

Tá tuilleadh eolais le fáil anseo faoi áiteanna oibre idirchultúrtha ar shuíomh gréasáin CÉCDC: https://www.ihrec.ie/guides-and-tools/human- rights-and-equality-for-employers/promoting-human-rights-and-equality-in-intercultural-workplaces/

## TREOIR CÉIM AR CHÉIM CHUN EAGRAÍOCHT FRITHCHINÍOCH A DHÉANAMH AS D'EAGRAÍOCHT

Is í aidhm na treorach seo ná tacú le heagraíochtaí agus le grúpaí pobail ar fud Fhine Gall chun go gníomhóidh siad i gcoinne an chiníochais trí sraith de chéimeanna ar féidir a chur i bhfeidhm i d'áit oibre nó i do spás deonach ionas go mbeidh sí ina háit atá réamhghníomhach agus a chuireann fáilte roimh chách.

**1**
**Tabhair an Smaoineamh isteach**

Éiteas agus luachanna frithchiníochais a thabhairt isteach nó iad a neartú laistigh den eagraíocht

**2**
**Déan Suirbhé**

Cé hiad an daoine atá i d'eagraíocht agus cad é an cultúr, an teanga agus na traidisiúin atá acu? Déan suirbhé chun an éagsúlacht atá i d'eagraíocht a fháil amach agus conas a mhothaíonn daoine faoin bhfrithchiníochas laistigh de d'eagraíocht.

**3**
**Freagairtí ar an Suirbhé agus Pleanáil**

Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, is féidir le d'eagraíocht tús a chur le plean gníomhartha. Má dúradh go bhfuil ciníochas le brath san eagraíocht, cad iad na pleananna a chuirfidh tú i bhfeidhm chun dul i ngleic leis. Mar shampla, cad iad na laethanta saoire reiligiúnacha a cheiliúrfar?

**4**
**Polasaí agus ráiteas maidir le Frithchiníochas-**

Anois forbróidh d'eagraíocht polasaí a dhéanann cur síos ar an dearcadh atá aici maidir leis an gciníochas agus conas tuairisciú ina leith. Ba chóir go mbeidh an doiciméad seo ar fáil do gach duine san eagraíocht agus ba chóir é a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**1. Tabhair an smaoineamh isteach:** Déan cinneadh go mbeidh éiteas frithchiníoch ag d'eagraíocht. D'fhéadfadh d'eagraíocht comhoibriú le heagraíochtaí eile chun tús a chur leis an bpróiseas. Tabhair cuireadh do bhaill éagsúla den phobal páirt a ghlacadh sa chleachtadh ardú feasachta. Déan cinnte de go bhfuil gach duine ar an eolas agus cuir fáilte rompu. D'fhéadfaí cuir i láthair a eagrú ó ghrúpaí pobail; seisiúin foghlama ina mhínítear cad is feasacht chultúrtha ann; agus cuir fáilte roimh ceannairí pobail nó frithchiníochais dul isteach i do spás. Déan cinnte de go bhfuil gach duine ar an eolas maidir le cé chomh tiomanta is atá d'eagraíocht trí phóstaeir a chruthú don chlár fógraí agus don nuachtlitir. Tá sé tábhachtach go mbeidh baint ag an ardbhainistíocht, ag ceannairí foirne agus ag bainisteoirí sa phróiseas chun go mbeidh cur chuige ón mbarr anuas i bhfeidhm, go léiríonn siad an t-iompar agus an dearcadh a mbeifear ag súil leo ó fhostaithe.

**2. Déan suirbhé:** Is bealach maith é seo chun tuiscint a fháil ar conas a mhothaíonn daoine laistigh d'eagraíocht ar bith. Cuireann Suirbhé Frithchiníochais ar chumas eagraíocht measúnú a dhéanamh ar an leibhéal feasachta, tuiscint a fháil ar dhearcaí, agus beidh sé ina threoir don Bheartas Frithchiníochais. Tá suirbhé samplach le fáil anseo: https://qrco.de/belfr3

**3. Freagairtí ar an suirbhé agus pleanáil:** Ag an bpointe seo, déanfaidh an eagraíocht a machnamh ar thorthaí an tsuirbhé chun láidreachtaí agus laigí a shainaithint maidir le hiomchuimsitheacht nó ciníochas laistigh den eagraíocht. Cuirfidh sé deis ar fáil do d'eagraíocht smaoineamh ar conas is féidir léi a bheith fáilteach agus ionchuimsitheach. Cabhróidh sé leis an eagraíocht a shainaithint an bhfuil an ciníochas ina fhadhb, agus conas gníomhú nuair a thuairiscítear go bhfuil ciníochas ag tarlú. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh baint ag an mbainistíocht ag an gcéim seo chun go léireofar fís na heagraíochta mar a bhaineann sí le frithchiníochas agus leithcheal.

**4. Polasaí agus ráiteas frithchiníochais:** Agus do pholasaí frithchiníochais á fhorbairt agat, ba chóir go gcuireadh sé in iúl conas a mhothaíonn an eagraíocht faoin gciníochas agus conas a théann sé i ngleic le teagmhais, le hiompar, le polasaithe agus le nósanna imeachta atá ciníoch. Ba chóir go gcuirfear i bhfeidhm é, go ndéanfar athbhreithniú air agus go mbeidh próiseas ann i dtaca le tuairisciú, le hiarchúram etc. D'fhéadfaí freisin ráiteas misin agus gníomhartha inláimhsithe a fhorbairt.

FINGAL
INTEGRATION

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council

An Chomhairle
um Inimircigh in
Éirinn